UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

CÓD CLEACHTAIS D'FHOSTAITHE

Arna cheadú ag an Údarás Ceannais an 27 Meán Fómhair 2011

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh.

1. Réamhrá

1.1 Is mór ag Ollscoil Luimnigh ionracas, macántacht agus cothroime agus féachann sí leis na luachanna sin a chomhtháthú ina cleachtais mhúinteoireachta, taighde agus ghnó. Is ionann cloí leis an gCód seo agus le Cód Chomhaltaí an Údaráis Ceannais agus cabhrú leis an Ollscoil a mhéid a bhaineann lena clú, agus lena tiomantas i leith iompraíochta eiticiúla, a chur chun cinn.

1.2 Sa Chód Cleachtais seo, cuirtear san áireamh impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, chomh maith le himpleachtaí Acht na nOllscoileanna 1997.

2. Aidhm agus Scóip

2.1 Is í Ollscoil Luimnigh a d'fhorbair an Cód Cleachtais seo d'Fhostaithe. Is é is cuspóir don Chód ná treoraíocht a sholáthar d'fhostaithe Ollscoil Luimnigh chun a gcuid dualgas mar fhostaithe a chomhlíonadh ar mhodh eiticiúil gairmiúil mar aon le beartais agus nósanna imeachta Ollscoil Luimnigh agus na reachtaíochta ábhartha lena n-áirítear Acht na nOllscoileanna 1997.

2.2 Chun críocha an Chóid seo, is é an míniú atá ar fhostaithe ná daoine aonair i bhfostaíocht íoctha san Ollscoil, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, lena n-áirítear na daoine sin a bhfuil stipinní á bhfáil acu.

3. Cur Chuige an Bheartais

3.1 Tacaíonn Údarás Ceannais Ollscoil Luimnigh go hiomlán le "Rialachas Ollscoileanna Éireannacha: Cód Rialachais maidir le Reachtaíocht, Prionsabail, Dea-Chleachtas agus Treoirlínte", (HEA/IUA) agus tá Cód Rialachais OL glactha aici de réir Chód HEA/IUA.

3.2 Táthar ag súil go mbeidh fostaithe na hOllscoile ar an eolas faoin gCód Iompair seo agus faoi cheanglais bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile lena rialaítear iompraíocht fostaithe. Déanfaidh an Rannán Acmhainní Daonna oiliúint a sholáthar chun tacú leis an mBeartas seo. Déanfaidh Rannóg na nAcmhainní Daonna cóip den Chód seo a sholáthar freisin do gach fostaí de chuid na hOllscoile agus féachfaidh sé leis a gCód seo a chur chun cinn agus a scaipeadh ar na fostaithe agus lena chinntiú go gcuirfear an Cód seo chun feidhme.

4. Cuspóirí

4.1 Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid:

- Sraith chomhaontaithe prionsabal eiticiúil a leagan amach;
- Muinín agus iontaoibh as fostaithe Ollscoil Luimnigh a chur chun cinn agus a choimeád ar bun;
- Cosc a chur ar chleachtas neamheiticiúil a fhorbairt ná a ghlacadh;
- Na caighdeáin dhlíthiúla, bhainistíochta agus eiticiúla is airde a chur chun cinn i dtaca le gníomhaíochtaí uile Ollscoil Luimnigh;

- Comhlíonadh an chleachtais reatha is fearr i dtaca le rialachas agus le bainistíocht a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí uile Ollscoil Luimnigh.

4.2 Is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach, *inter alia*, trí chloí leis na prionsabail bhunúsacha atá leagtha amach sa Chód seo.

5. Ceanglais an Chóid

5.1 Le linn a ndualgais a chomhlíonadh, ba cheart d'fhostaithe féachaint le hardchaighdeáin a choimeád ar bun i dtaca le soláthar seirbhísí, le hiompraíocht chuí a urramú agus leis na caighdeáin is airde i dtaca le hionracas a choimeád ar bun.

6. Ionracas

6.1 Tá sé de cheangal ar fhostaithe aon fhostaíocht sheachtrach agus/nó leasanna gnó pearsanta atá acu agus a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le gnó Ollscoil Luimnigh, nó a bhféadfaí a mheas ina leith go bhfuil siad ar neamhréir le gnó Ollscoil Luimnigh, a nochtadh dá mbainisteoir líne.

6.2 Ní ghabhfaidh fostaithe d'aon fhostaíocht sheachtrach/ghnó seachtrach nó d'aon ghníomhaíocht atá ar neamhréir le leasanna Ollscoil Luimnigh.

6.3 Beidh fostaithe tiomanta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil gníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach earraí/seirbhísí de réir an bheartais phoiblí, an dea-chleachtais gnó agus bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile i ndáil le seirbhísí agus earraí a fháil.

6.4 Beidh fostaithe tiomanta chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfar seirbhísí sainchomhairleora agus seirbhísí eile a fháil de réir na dtreoirlínte i ndáil le beartas poiblí.

6.5 Beidh fostaithe tiomanta chun deimhin a dhéanamh de go léiríonn na cuntais/tuarascálacha a bhaineann lena réimse freagrachta laistigh den Ollscoil feidhmíocht oibríochtúil na hOllscoile agus nach bhfuil siad míthreorach ná ceaptha chun bheith míthreorach.

6.6 Tá sé de cheangal ar fhostaithe úsáid neamhúdaraithe acmhainní nó am Ollscoil Luimnigh ar mhaithe le gnóthachan pearsanta nó ar mhaithe le tairbhe d'iomaitheoirí a sheachaint.

6.7 Níor cheart d'fhostaithe faisnéis nó rúin ghnó a fháil ar mhodh míchuí.

7. Dualgas an Chúraim

7.1 Gníomhóidh fostaithe go freagrach agus go cothrom agus feidhmeoidh siad le cúram cuí, le dúthracht, le dílseacht agus leis an gcríonnacht a bhaineann le duine aonair réasúnach ar a bhfuil dualgas cúraim i leith Ollscoil Luimnigh.

8. Iompraíocht mar Fhostaithe

8.1 Déileálfaidh fostaithe go cúirtéiseach agus go hurramach lena chéile agus le gach duine de phobal an champais.

8.2 Déanfaidh fostaithe acmhainní na hOllscoile a úsáid ar mhodh cuí, éifeachtach, eifeachtúil agus tabharfaidh siad aire chuí réasúnach do mhaoin na hOllscoile agus ní dhéanfaidh siad go feasach an mhaoin sin a úsáid, ná ní cheadóidh siad í a úsáid, chun críoch neamhúdaraithe.

8.3 Tá sé de cheangal ar fhostaithe freastal ar an obair, a ndualgais a chomhlíonadh ar mhodh dúthrachtach eifeachtúil agus gan a bheith as láthair ó dhualgas gan údarú cuí.

8.4 Déanfaidh fostaithe a chinntiú nach ndéanfaidh siad féin, ná nach ndéanfaidh daoine den fhoireann a thuairiscíonn dóibh, caiteachais amhail íocaíochtaí taistil agus cothaithe a thabhú gan ghá.

9. Bronntanais agus Aíocht

9.1 Le linn a ndualgais oifigiúla a chomhlíonadh, beidh gach gníomh de chuid fostaithe saor ó amhras agus ní bheidh siad ina gcúis le haon choimhlint leasa iarbhír nó ionchasach agus déanfar grinnscrúdú den chineál is déine ar a ndéileálacha le leasanna tráchtála agus le leasanna eile.

9.2 Déanfar fáil bronntanas agus aíochta ag fostaithe ó dhaoine seachtracha nó ó eagraíochtaí seachtracha, agus ó dhaoine a bhfuil déileálacha oifigiúla ag fostaithe leo, a rialú de réir na gcaighdeán is airde dá bhfuil ann. Chun chríocha na bhforálacha seo, folaíonn an téarma “bronntanas” aon sochar a thugtar d’fhostaí saor ó tháille nó ar phraghas atá níos lú ná a phraghas tráchtála.

9.3 Tá sé inghlactha bronntanais oifigiúla a mhalartú (i.e. bronntanais a mhalartaítear le daoine ardchéime agus le hoifigigh) idir an Ollscoil agus dreamanna eile agus, sna himthosca sin, fanfaidh bronntanais a fhaightear mar chuid de mhaoin na hOllscoile i gcónaí. Tá sé inghlactha aíocht a ghlacadh a bhaineann le gnó agus arb ionann í agus gnáthchúirtéis le linn caidrimh gnó agus pobail (e.g. freastal ar ócáid phobail/chathartha/chultúrtha. Ní fhéadfaidh fostaithe glacadh le bronntanais phearsanta seachas bronntanais lena ngabhann luach réasúnach.

9.4 Ní dhéanfaidh fostaithe airgead tirim, seiceanna bronntanais ná aon dearbháin atá inmhalartaithe le haghaidh airgid thirim a ghlacadh ó dhaoine seachtracha nó ó eagraíochtaí seachtracha, is cuma cén luach atá ar na nithe sin.

9.5 Ní dhéanfaidh fostaithe bronntanais ná aíocht a shireadh ar mhaithe le gnóthachan pearsanta.

10. Earraí agus Seirbhísí a Fháil

10.1 Rachaidh fostaithe i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le ceannach earraí agus seirbhísí de réir bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil, de réir an bheartais phoiblí agus de réir dea-chleachtais gnó.

10.2 Ní dhéanfaidh fostaithe sireadh i ndáil le conarthaí le hOllscoil Luimnigh chun earraí nó seirbhísí a fháil (seachas ó chonarthaí fostaíochta) ar mhaithe leo féin nó ar mhaithe le haon chomhpháirtíocht nó cuideachta a bhfuil baint acu léi ina gcáil phríobháideach ná thar ceann aon daoine nó eagraíochtaí eile.

10.3 Mura rud é go mbeidh cead faighte roimh ré ón mbainisteoir líne sa réimse ina dtarlaíonn an t-idirbheart lena mbaineann, ní dhéanfar aon earraí nó seirbhísí a cheannach ó fhostaithe ná ó aon chomhpháirtíocht nó cuideachta a bhfuil baint ag fostaithe léi ina gcáil phríobháideach ná ní dhéanfar aon seirbhísí a dhíol le fostaithe ná le comhpháirtíocht nó cuideachta den sórt sin. Rachaidh an bainisteoir líne i gcomhairle leis an Stiúrthóir Acmhainní Daonna maidir le nithe den sórt sin.

10.4 Comhlíonfaidh fostaithe beartas agus nósanna imeachta mionsonraithe Ollscoil Luimnigh maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil (tairiscintí a lorg agus ceannach seirbhísí agus earraí) agus comhlíonfaidh siad freisin na leibhéil fhorordaithe údarúcháin i ndáil le haon chaiteachas iomchuí a cheadú.

10.5 Ní dhéanfaidh fostaithe caibidlíocht ná eadráin maidir le haon ní a dhéanann difear do chonradh de chuid Ollscoil Luimnigh nó do cheannach earraí ón Ollscoil nó do dhíol earraí leis an Ollscoil más rud é, ina gcáil phríobháideach, go bhfuil leas acu, mar phríomhaithe nó mar scairshealbhóirí, i gcuideachta atá bainteach leis an gceannach nó leis an díol sin.

11. Rúndacht/Úsáid Faisnéise

11.1 Beidh fostaithe ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003, agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003, agus beidh siad tiomanta i leith rochtain ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí na hOllscoile a sholáthar ar shlí atá oscailte agus trédhearcach agus a chuireann feabhas ar chuntasacht na hOllscoile don phobal i gcoitinne. Déanfaidh Rannóg nanAcmhainní Daonna oiliúint a sholáthar faoi fhreagrachtaí na bhfostaithe faoi na hAchtanna sin.

11.2 Comhlíonfaidh fostaithe na forálacha reachtúla iomchuí go léir de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003, agus de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003.

11.3 Tá sé de cheangal ar fhostaithe na hOllscoile rúndacht faisnéise íogaire a shealbhaíonn Ollscoil Luimnigh a urramú. Go háirithe ábhar den sórt seo a leanas a bheadh i gceist leis sin:

- faisnéis phearsanta;
- faisnéis a fhaigheann an Ollscoil mar fhaisnéis rúnda;

- aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis eile atá íogair i dtaca le clú na hOllscoile de.

11.4 Urramóidh fostaithe nósanna imeachta cuí maidir le réamhchomhairliúchán le tríú páirtithe más rud é, go heisceachtúil, go mbeartaítear faisnéis íogair a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail.

11.5 Urramóidh fostaithe rúndacht aon fhaisnéise a fhaigheann siad le linn a ndualgais mar fhostaithe a chomhlíonadh. De bhreis air sin, urramóidh fostaithe rúndacht aon phléití de chuid Bord/Coistí Ollscoile i gcás ina gcuirtear in iúl go bhfuil gá leis an rúndacht sin.

11.6 Cinnteoidh fostaithe go bhfeidhmítear cúram cuí chun slándáil faisnéise íogaire (i bhfoirm pháipéir nó i bhfoirm leictreonach) a ráthú cibé acu ar an gCampas nó ar shiúl ón gCampas.

11.7 Cinnteoidh fostaithe go gcuirtear taifid rúnda faoi réir na nósanna imeachta cuí maidir le rochtain.

11.8 Urramóidh fostaithe aon srianta breise arna nglacadh ag an Ollscoil maidir le húsáid nó scaipeadh faisnéise (ach sin faoi réir cheanglais na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003, nó na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003).

12. Coimhlintí Leasa

12.1. Tá dualgas ar fhostaithe iad féin a iompar de réir na gcaighdeán is airde i dtaca le heitic ghnó.

12.2 Déanfaidh fostaithe mionsonraí a bhaineann le leasanna gnó a thabhairt dá mbainisteoir líne, lena n-áirítear scairshealbháin, caidreamh gairmiúil etc a bhféadfadh coimhlint leasa a bheith ag baint leo nó a d'fhéadfadh tionchar ábharthach a imirt ar fhostaithe le linn a ndualgais a chomhlíonadh. Aon leasanna de chuid daoine de theaghlaigh fostaithe a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh eolas ag fostaithe ina leith nó aon leasanna de chuid duine nó comhlachta a bhfuil baint ag fostaithe leis nó léi, ar leasanna iad a ngabhann coimhlint leasa leo nó a d'fhéadfadh tionchar ábharthach a imirt ar fhostaithe le linn a ndualgais a chomhlíonadh, ba cheart iad a nochtadh freisin. Chuige sin, áirítear iad seo a leanas i measc daoine agus comhlachtaí a bhfuil baint ag fostaithe leo:

a) céile, páirtnéir, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leanbh nó leasleanbh;
b) comhlacht corpraithe a bhfuil baint ag fostaithe leis;
c) duine atá ag gníomhú mar iontaobhaí de chuid aon iontaobhais a n-áirítear an fostaí nó na daoine ag (a) thuas nó an comhlacht corpraithe ag (b) thuas i measc a thairbhithe; agus
d) duine atá ag gníomhú mar chomhpháirtí gnó de chuid an fhostaí nó de chuid aon duine nó comhlachta a bhfuil baint aige nó aici leis an bhfostaí de bhua (a) – (c) thuas.

12.3 Measfar go bhfuil coimhlint leasa **réalaíoch** ag fostaithe nuair a shealbhaíonn siad leas pearsanta, cibé acu díreach nó indíreach, ar leas é a bhfuil siad ar

an eolas ina leith agus is leor, i dtuairim duine a bhfuil eolas réasúnach agus dea-chomhairle faighte aige nó aici, chun ceist a ardú maidir leis an neamhspleáchas, an dochlaontacht agus an oibiachtúlacht a bhfuil sé d'oibleagáid ar fhostaithe iad a fheidhmiú le linn a ndualgais a chomhlíonadh.

12.4 Beidh fostaithe ar an eolas go bhféadfadh coimhlint leasa **bhraite** a bheith i gceist maidir le fostaithe nuair a dhealraíonn sé, i dtuairim duine a bhfuil eolas réasúnach agus dea-chomhairle faighte aige nó aici, go bhfuil leas pearsanta, cibé acu díreach nó indíreach, ar leas é is leor chun ceist a ardú maidir leis an neamhspleáchas, an dochlaontacht agus an oibiachtúlacht a bhfuil sé d'oibleagáid ar fhostaithe iad a fheidhmiú le linn a ndualgais a chomhlíonadh.

12.5 Déanfaidh fostaithe coimhlint leasa a réiteach ar mhaithe le leas na hOllscoile trína leas a dhearbhú dá mbainisteoir líne. In imthosca ina bhfuil fostaithe éiginnte i dtaobh an bhfuil, nó nach bhfuil, coimhlint leasa ann, nó an bhfuil coimhlint leasa ábharthach, ba cheart dóibh an t-ábhar a phlé lena mbainisteoir líne agus féadfaidh an bainisteoir líne dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Acmhainní Daonna faoin ábhar.

12.6 Ní mór d'fhostaithe a fhónann ar choiste Ollscoile nó ar bhoird den tsamhail chéanna aon leas pearsanta atá acu sa ghnó atá le plé a dhearbhú agus, más gá agus de réir mar a cheanglaítear, ní mór dóibh tarraingt siar ó bhreithniú aon ghnó den sórt sin.

12.7 Déanfaidh fostaithe ag a bhfuil poist fostaíochta ainmnithe [poist nach lú an tuarastal uasta ina leith ná tuarastal uasta Príomhoifigigh (Grád Státseirbhíse)] ceanglais an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, a chomhlíonadh.

13. Dílseacht

13.1 Tá freagracht ar fhostaithe a bheith dílis d'Ollscoil Luimnigh agus a bheith tiomanta i leith ghníomhaíochtaí na hOllscoile ag féachaint go cuí do dhearbhphrionsabail na saoirse acadúla.

14. Cothroime

14.1 Leagann an Cód Iompair seo dualgas ar fhostaithe a chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht a bhaineann le comhionannas fostaíochta agus stádas comhionann, go bhfuil tiomantas ann i leith cothroime i ngach déileáil ghnó agus go léirítear meas ar gach duine lena n-idirghníomhaíonn an Ollscoil agus go ndéileáiltear go cothrom leis na daoine sin.

15. Freagracht

15.1 Cinnteoidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna go scaipfear an Cód Iompair seo ar fhostaithe uile le go dtuigfidh siad é agus le go gcoimeádfaidh siad é.

15.2 Déanfaidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna treoraíocht phraiticiúil agus treoracha praiticiúla de réir mar a theastaíonn ó fhostaithe i réimsí amhail

bronntanais agus siamsaíocht agus maidir le nithe eile a bhaineann le heitic agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

16. An Cód a Athbhreithniú

16.1 Déanfar an Cód Iompair seo a athbhreithniú de réir mar is gá.